Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8874/26**

**ECOFIN 569**
**UEM 159**
**FIN 626**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2647 final |
| Ábhar: | Fógra ón gCoimisiún<br>Treoirlínte do na Ballstáit maidir le gnéithe oibríochtúla a bhaineann le céim dheiridh agus dúnadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2647 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2647 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.4.2026
C(2026) 2647 final

**Fógra ón gCoimisiún**

# Treoirlínte do na Ballstáit maidir le gnéithe oibríochtúla a bhaineann le céim dheiridh agus dúnadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

**Fógra ón gCoimisiún**

**Treoirlínte do na Ballstáit maidir le gnéithe oibríochtúla a bhaineann le céim dheiridh agus dúnadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta**

## 1. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Is ionstraim shealadach í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('STA') a ceapadh i gcomhthéacs éifeachtaí díobhálacha ghéarchéim COVID-19 chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn. Tá sé d'aidhm aici feabhas a chur ar athléimneacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, acmhainneacht choigeartaithe agus acmhainneacht fáis na mBallstát, agus déanann sí an méid sin trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil dóibh chun na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a leagtar amach ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

Tháinig Rialachán (AE) 2021/241[1] lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i bhfeidhm i mí Feabhra 2021. Leasaíodh an Rialachán faoi dhó le Rialachán (AE) 2023/435[2] lena n-ionchorpraítear cuspóirí REPowerEU, agus le Rialachán (AE) 2024/795[3] lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ('STEP'). Tá dhá Rialachán tarmligthe ag gabháil leis, lena mbunaítear táscairí coiteanna[4] agus modheolaíocht chun caiteachas sóisialta a rianú[5].

Sa Teachtaireacht uaidh an 4 Meitheamh 2025 dar teideal '*NextGenerationEU – An bóthar go 2026*'[6], mheabhraigh an Coimisiún an creat dlíthiúil is infheidhme agus na spriocdhátaí ábhartha le haghaidh chéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Foráiltear le Rialachán STA nach mór na clocha míle agus na spriocanna uile le haghaidh chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a thabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026 ([7]).

Leis an treoraíocht seo, cuirtear na Ballstáit ar an eolas faoi na céimeanna deiridh de chur chun feidhme clár a dhéanfar go dtí deireadh 2026 agus faoi na nósanna imeachta agus na hoibleagáidí is infheidhme tar éis 2026. Meabhraítear ann an creat rialála agus cuirtear faisnéis

---

[1] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

[2] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE.

[3] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241.

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta trí tháscairí coiteanna agus eilimintí mionsonraithe an scórchláir téarnaimh agus athléimneachta a leagan amach.

[5] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2105 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta trí mhodheolaíocht a shainiú chun caiteachas sóisialta a thuairisciú.

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: 'NextGenerationEU – An bóthar go 2026', COM/2025/310 final/2.

[7] Airteagail 18 agus 20 de Rialachán STA agus Airteagal 2(4) agus, i gcás tacaíocht iasachta, Airteagal 3(4) de na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle ábhartha.

bhreise ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún príomhghnéithe de dhúnadh na Saoráide a oibríochtú. Soiléirítear ann freisin oibleagáidí leanúnacha na mBallstát a mhéid a bhaineann le faireachán, rialú, iniúchadh agus coinneáil sonraí tar éis 2026, agus soláthraítear ann dátaí deiridh le haghaidh oibleagáidí tuairiscithe a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Tá sé beartaithe leis an treoraíocht seo cabhrú leis na húdaráis náisiúnta Rialachán STA a chur i bhfeidhm. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus í sin amháin, atá inniúil ar dhlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach.

## 2. ULLMHÚ DON DÚNADH

### 2.1. Leasuithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta

Chun cur chun feidhme cuí na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, mhol an Coimisiún do na Ballstáit uile tabhairt faoi na leasuithe is gá ar a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta faoi dheireadh 2025[8]. Tá na Ballstáit uile tar éis dul ar aghaidh leis na leasuithe sin nó tá siad á ndéanamh faoi láthair.

Le linn 2026, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí clocha míle agus spriocanna áirithe a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla agus, dá bhrí sin, de bhun Airteagal 21 de Rialachán STA, féadfaidh na Ballstáit iarraidh réasúnaithe a dhéanamh ar an gCoimisiún togra a dhéanamh chun an cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a leasú. Mar sin féin, tá an fhéidearthacht athbhreithnithe den sórt sin a dhéanamh in 2026 teoranta ag na sprioc-amanna cur chun feidhme a bhunaítear i Rialachán STA agus ag breithnithe praiticiúla araon.

Ós rud é nach mór clocha míle agus spriocanna a bheith curtha i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026, ní bheidh deis ag an gComhairle leasuithe ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta a ghlacadh tar éis an 31 Lúnasa 2026. Thairis sin, ní cheadódh ach glacadh leasaithe roimh an 31 Lúnasa 2026 don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na hiarrataí ar íocaíocht arna gcur isteach ar bhonn na gcinntí cur chun feidhme athbhreithnithe sin ón gComhairle agus an cinneadh gaolmhar maidir le híocaíocht a ghlacadh in am le haghaidh eisíocaíochta faoin 31 Nollaig 2026, mar a fhoráiltear le hAirteagal 24(1) de Rialachán STA.

### 2.2. Iarrataí ar leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach

Chun go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar aon iarraidh ar leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus ar na Cinntí Cur Chun Feidhme ábhartha ón gComhairle i gcomhréir leis an amlíne i roinn 2.1, tá na Ballstáit ceaptha a dtograí le haghaidh leasuithe ar na cinntí cur chun feidhme ón gComhairle, más ann dóibh, a chur isteach faoin 31 Bealtaine 2026 ar a dhéanaí.

[8]COM(2025) 310, roinn 3.1.

I gcás aon iarraidh ar leasú a chuirfear isteach tar éis an dáta sin, ní féidir leis an gCoimisiún gealltanas a thabhairt go gcuirfidh sé a mheasúnú i gcrích in am trátha chun go nglacfaidh an Chomhairle an cinneadh athbhreithnithe faoin 31 Lúnasa 2026.

## 3. IARRATAÍ AR ÍOCAÍOCHT DEIRIDH, FIONRAÍOCHTAÍ ÍOCAÍOCHTA AGUS AISIOMPAITHE A LÁIMHSEÁIL

### 3.1. Creat dlíthiúil

De bhun Airteagal 20(5)(d) de Rialachán STA, ní mór na clocha míle agus na spriocanna uile a bheith curtha i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026. Aon ghníomhaíochtaí chun comhlíonadh sásúil na gcloch míle agus na spriocanna arna ndéanamh ag na Ballstáit tar éis an dáta sin a áirithiú, ní féidir iad a chur san áireamh agus iarrataí ar íocaíocht á measúnú.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh sásúil na gcloch míle agus na spriocanna sna hiarratais ar íocaíocht deiridh de réir *Creat chun measúnú a dhéanamh ar chlocha míle agus spriocanna faoi Rialachán STA* a foilsíodh an 21 Feabhra 2023 ([9]).

Gach iarratas ar íocaíocht, lena n-áirítear dearbhuithe bainistíochta, achoimrí ar iniúchtaí a rinneadh, agus an fhianaise thacaíochta uile is gá chun measúnú a dhéanamh orthu, ní mór iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair 2026. Tá an sprioc-am sin i gcomhréir leis na Comhaontuithe Maoiniúcháin agus na Comhaontuithe Iasachta is infheidhme[10]. I gcás inarb infheidhme, ba cheart a léiriú sa dearbhú bainistíochta an bhfuil an comhlánú páirteach nó nach bhfuil, agus ba cheart a léiriú sa réasúnú dá réir sin aon teorann, diallas nó eilimint nár cuireadh i gcrích.

Ní mór don Choimisiún na híocaíochtaí uile a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2026[11].

### 3.2. Amlíne chun fianaise a chur isteach agus chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a phróiseáil

I gcomhréir leis na próisis agus na nósanna imeachta a suíodh chun déileáil le hiarrataí ar íocaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beidh feidhm ag an amlíne (táscach) agus ag na sprioc-amanna seo a leanas maidir le measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar íocaíocht i dtreo dheireadh 2026.

Tar éis iarrataí ar íocaíocht a chur isteach faoin 30 Meán Fómhair 2026, beidh 2 mhí ag an gCoimisiún, de réir Airteagal 24(3) de Rialachán STA, chun an réamh-mheasúnú uaidh ar chomhlíonadh sásúil na gcloch míle agus na spriocanna ábhartha a sholáthar. Tá sé beartaithe

[9]Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: Dhá bhliain ar an bhfód – Ionstraim uathúil atá i gcroílár chlaochlú glas agus digiteach an Aontais, COM(2023) 99, Iarscríbhinn I.

[10]Airteagal 6 de Chomhaontuithe Maoiniúcháin STA agus Airteagal 7 de Chomhaontuithe Iasachta STA.

[11]Airteagal 24(1) agus aithris 53 de Rialachán STA, féach freisin Airteagal 3(9) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 agus na heisceachtaí a luaitear ann.

ag an gCoimisiún réamh-mheasúnuithe den sórt sin a sholáthar don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais faoin 20 Samhain 2026. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais tuairim uaidh a thabhairt faoin 8 Nollaig 2026 (i gcás na réamh-mheasúnuithe uile arna n-eisiúint faoin 20 Samhain 2026), chun go mbeidh an Coimisiún in ann a chinntí a ghlacadh lena n-údarófar na híocaíochtaí faoin 18 Nollaig 2026 agus chun go ndéanfar na híocaíochtaí ábhartha faoin 31 Nollaig 2026[12].

Féadfaidh an Coimisiún fós faisnéis fhorlíontach a iarraidh agus/nó seiceálacha agus rialuithe ar an láthair a dhéanamh agus measúnú á dhéanamh aige, mar a bheartaítear le hAirteagal 6(4) de na Comhaontuithe Maoiniúcháin agus le hAirteagal 7(4) de na Comhaontuithe Iasachta. Mar sin féin, agus an Coimisiún ag fanacht leis na Ballstáit doiciméid bhreise nó cheartaithe a chur isteach isteach, níl sé beartaithe aige an tréimhse mheasúnaithe a chur ar fionraí má chuireann sé sin isteach ar an réamh-mheasúnú a sholáthar don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais faoin 20 Samhain 2026.

Mar a léirítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2025 dar teideal '*NextGenerationEU -an bóthar go 2026*', moltar go láidir do na Ballstáit pleanáil a dhéanamh roimh ré agus a áirithiú go gcuirfear fianaise iomlán láidir isteach a luaithe is féidir agus in am trátha chun an measúnú a éascú agus chun saoradh cistí a sheachaint. Ós rud é nach mbeidh mórán ama ann le haghaidh malartuithe idir seirbhísí an Choimisiúin agus údaráis na mBallstát le linn na tréimhse measúnaithe, ba cheart fianaise a roinnt go neamhfhoirmiúil le seirbhísí an Choimisiúin a luaithe a bheidh sí ar fáil, fiú sula gcuirfear na hiarrataí deiridh ar íocaíocht isteach go foirmiúil. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás clocha míle agus spriocanna a ndéantar measúnú orthu trí shampláil, ós rud é gur minic a bhíonn gá le roinnt malartuithe idir údaráis na mBallstát agus seirbhísí an Choimisiúin chun comhlíonadh sásúil a bhunú.

### 3.3. Íocaíochtaí a chur ar fionraí agus neamhchomhlíonadh cloch míle agus spriocanna

Leagtar síos le Rialachán STA nach mór na clocha míle agus na spriocanna uile a bheith curtha i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026. Tá impleachtaí aige sin do chlocha míle agus spriocanna a ndéanann cinntí maidir le híocaíochtaí a chur ar fionraí difear dóibh.

#### *a) Roimh an 31 Lúnasa 2026*

I gcás aon chloch mhíle nó sprioc a bhfuil an íocaíocht curtha ar fionraí ina leith, chun deireadh a chur leis an bhfionraíocht agus chun an méid a cuireadh ar fionraí a eisíoc, ní mór don Bhallstát lena mbaineann na bearta feabhais uile is gá a dhéanamh laistigh de 6 mhí ón gcinneadh fionraíochta, de réir Airteagal 24(8) de Rialachán STA, agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026 (féach 3.1).

I gcásanna ina mbíonn cinneadh fionraíochta fós i bhfeidhm an 31 Lúnasa 2026, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann aon fhianaise ábhartha a chur isteach, faoin 30 Meán Fómhair

[12] I gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán STA agus le hAirteagal 3(9) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020.

2026, lena léirítear go ndearna siad, faoin 31 Lúnasa 2026, na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar go sásúil na clocha míle agus na spriocanna lena mbaineann.

***b) Tar éis an 31 Lúnasa 2026***

Ní cheadaítear le Rialachán STA gníomhaíochtaí a rinneadh tar éis an 31 Lúnasa 2026 a mheas le haghaidh measúnú dearfach. Dá bhrí sin, seoladh nós imeachta maidir le híocaíocht a chur ar fionraí, a thuairiscítear in Airteagal 24(6) agus (8) de Rialachán STA, ar nós imeachta é atá beartaithe chun am a thabhairt do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar go sásúil an chloch mhíle/na clocha míle nó an sprioc/na spriocanna ábhartha laistigh de thréimhse 6 mhí, níl sé ábhartha a thuilleadh tar éis an dáta sin. Dá bhrí sin, i gcás ina meastar nach bhfuil cloch mhíle nó sprioc comhlíonta go sásúil tar éis an 31 Lúnasa 2026, ní sheolfaidh an Coimisiún an nós imeachta maidir le híocaíocht a chur ar fionraí.

Ina ionad sin, seolfaidh sé an nós imeachta um laghdú a leagtar amach in Airteagal 24(8) de Rialachán STA, agus d'fhéadfadh laghdú comhréireach ar an ranníocaíocht airgeadais agus, i gcás inarb infheidhme, ar an iasacht a bheith mar thoradh air sin. I gcomhréir leis an gcreat le haghaidh laghduithe agus aisghabhálacha faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an bhFógra ón gCoimisiún dar teideal Treoraíocht maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta[13], ríomhfaidh an Coimisiún an méid dá ndéantar difear i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Teachtaireacht uaidh an 21 Feabhra 2023[14], modheolaíocht a úsáidtear chun fionraíochtaí íocaíochta a ríomh.

Dá réir sin, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát go réamh-mheasann sé nach bhfuil an chloch mhíle nó an sprioc ábhartha comhlíonta go sásúil, agus beidh 2 mhí ag an mBallstát a bharúlacha a chur i láthair sula nglacfaidh an Coimisiún a mheasúnú deiridh. I gcomhthráth le seoladh an nós imeachta um laghdú, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le glacadh an chinnidh cur chun feidhme lena n-údaraítear eisíocaíocht aon mhéid atá fágtha, ar bhonn an mheasúnaithe lena meastar gur comhlíonadh na clocha míle agus na spriocanna atá fágtha go sásúil (féach an roinn roimhe).

I gcás nach n-athraíonn barúlacha an Bhallstáit réamh-mheasúnú an Choimisiúin, glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena laghdófar an ranníocaíocht airgeadais nó an iasacht.

I gcás ina ndéanann an Coimisiún athmhachnamh iomlán nó páirteach ar a mheasúnú mar thoradh ar bharúlacha an Bhallstáit, leanfaidh an próiseas íocaíochta don mhéid ábhartha an nós imeachta a leagtar amach sa roinn roimhe seo de réir analaí. A mhéid is gá, bainfidh an Coimisiún leas as an rogha a leagtar amach in aithris 53 de Rialachán STA agus in Airteagal 3(9) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 chun a áirithiú gur féidir íocaíochtaí a dhéanamh leis na Ballstáit.

[13] C/2024/4618.
[14] COM(2023)99, Iarscríbhinn II.

### 3.4. An chaoi a láimhseáiltear aisiompuithe cloch míle agus spriocanna a comhlíonadh roimhe sin

I gcomhréir leis an dara habairt d'Airteagal 24(3) de Rialachán STA, '*[t]uigfear, ar chomhlíonadh sásúil na gcloch míle agus na spriocanna, nár aisiompaigh an Ballstát lena mbaineann bearta a bhaineann le clocha míle agus spriocanna a comhlíonadh go sásúil roimhe sin.*' Rinne an Coimisiún cur i bhfeidhm na forála sin a shoiléiriú sa chreat aisiompaithe a glacadh an 19 Meán Fómhair 2023[15].

Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint ag aisiompuithe leis an measúnú ar iarrataí ar íocaíocht, áiritheoidh an Coimisiún, i gcás aon aisiompú a dhéanfaidh Ballstát, go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann nó an Coimisiún aghaidh air faoi thráth na híocaíochta deiridh.

Más rud é, tar éis an 31 Lúnasa 2026, go measann an Coimisiún gur tharla aisiompú, seolfaidh sé nós imeachta um laghdú, mar a leagtar amach in Airteagal 24(8) de Rialachán STA, chun buiséad an Aontais a chur sa staid chéanna amhail is nár measadh riamh go raibh an chloch mhíle nó an sprioc aisiompaithe comhlíonta go sásúil. I gcomhréir le creat aisiompaithe STA[16], ríomhfaidh an Coimisiún an méid dá ndéantar difear i gcomhréir leis an modheolaíocht fionraíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Teachtaireacht uaidh an 21 Feabhra 2023[17].

I gcomhthráth le seoladh an nós imeachta um laghdú, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le glacadh an chinnidh cur chun feidhme lena n-údaraítear eisíocaíocht aon mhéid atá fágtha, ar bhonn an mheasúnaithe lena meastar gur comhlíonadh na clocha míle agus na spriocanna go sásúil. Ciallaíonn sé sin go ndéanfar an méid a ndéanann an t-aisiompú difear dó a asbhaint ón gcinneadh íocaíochta deiridh agus go bhféadfadh sé difear a dhéanamh suas le méid iomlán an chinnidh íocaíochta.

Beidh 2 mhí ag an mBallstát chun a chuid barúlacha a chur i láthair. Ba cheart do bharúlacha an Bhallstáit a léiriú nár tharla aon aisiompú, nó go ndearna sé na bearta is gá chun a áirithiú gur comhlíonadh an chloch míle nó an sprioc lena mbaineann go sásúil arís. Ós rud é go bhfuil aisiompuithe nasctha leis na híocaíochtaí, cuirfear san áireamh gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an mBallstát suas le dáta an chinnidh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena n-údaraítear an íocaíocht.

I gcás ina ndéanann an Coimisiún athmhachnamh (páirteach), mar thoradh ar bharúlacha an Bhallstáit, ar a mheasúnú inar measadh gur aisiompaíodh cloch mhíle nó sprioc, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, ar an mbonn sin, chun eisíocaíocht coda nó méid iomlán na híocaíochta atá fágtha a údarú. A mhéid is gá, bainfidh an Coimisiún leas as an rogha a leagtar amach in aithris 53 de Rialachán STA agus in Airteagal 3(9) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 chun a áirithiú gur féidir íocaíochtaí a dhéanamh leis na Ballstáit.

---

[15]Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Ag bogadh ar aghaidh, COM (2023) 545, Iarscríbhinn II.
[16] COM(2023)545, Iarscríbhinn II.
[17] COM(2023)99, Iarscríbhinn II.

Má áitíonn an Coimisiún go ndearnadh ceann amháin nó níos mó de na clocha míle agus spriocanna a aisiompú tráth an chinnidh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena n-údaraítear an íocaíocht nó tráth na teachtaireachta go ndéanann an t-aisiompú difear do mhéid iomlán na híocaíochta, glacfaidh sé an cinneadh comhfhreagrach maidir le laghdú.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit faireachán gníomhach a dhéanamh ar an riosca aisiompaithe in 2026 chun aisiompuithe a dhéanann difear don mheasúnú ar na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a sheachaint.

Ó 2027 ar aghaidh, leanfaidh an Coimisiún freisin d'fhaireachán bliantúil a dhéanamh, faoin Seimeastar Eorpach, ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha, lena n-áirítear na moltaí sin a dtugtar aghaidh orthu le bearta STA.

### 3.5. Dearbhuithe bainistíochta deiridh agus achoimrí deiridh ar iniúchtaí

Bunaítear le hAirteagal 22(2)(c) de Rialachán STA nach mór dearbhú bainistíochta agus achoimre ar iniúchtaí a bheith ag gabháil le hiarraidh ar íocaíocht. Dá réir sin, i gcomhréir leis an sprioc-am deiridh chun iarrataí ar íocaíocht a chur isteach, ceanglaítear ar na Ballstáit na dearbhuithe bainistíochta deiridh agus na hachoimrí deiridh ar iniúchtaí a ghabhann lena n-iarratas deiridh ar íocaíocht a chur isteach faoin 30 Meán Fómhair 2026.

Agus na hiniúchtaí náisiúnta á bpleanáil in 2026, iarrtar ar na Ballstáit an líon cloch míle agus spriocanna atá le bheith san iarraidh dheireanach ar íocaíocht a chur san áireamh, ionas go n-áiritheoidh siad cumhdach iniúchta iomchuí agus ionas go dtabharfaidh siad dearbhú tráthúil chun tacú leis an dearbhú bainistíochta deiridh.

Níl coinne le haon dearbhú bainistíochta ná achoimre ar iniúchtaí tar éis iad siúd a ghabhann leis an iarratas deiridh ar íocaíocht. Mar sin féin, mar a leagtar amach i roinn 6, na hoibleagáidí ar na Ballstáit leanúint de rialuithe agus iniúchtaí a dhéanamh agus a dtorthaí a thuairisciú chomh maith le neamhrialtachtaí (amhrasta) i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán STA, tá na hoibleagáidí sin fós i bhfeidhm. Thairis sin, iarrtar ar na Ballstáit aon toradh *ex post* ar chlocha míle agus spriocanna a thabharfaí i gcrích tar éis chur isteach na hiarrata deiridh ar íocaíocht agus tar éis na híocaíochta deiridh a chur in iúl do sheirbhísí an Choimisiúin freisin.

## 4. BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS TRÁTH AN DÚNTA

### 4.1. Imréiteach réamh-mhaoinithe luath

I gcás ina bhfuil réamh-mhaoiniú faighte ag Ballstát de bhun Airteagail 13 nó 21d de Rialachán STA, déantar méid comhfhreagrach den réamh-mhaoiniú a asbhaint go comhréireach ó íocaíochtaí na ranníocaíochta airgeadais agus na n-iasachtaí ina dhiaidh sin de réir mhéid na heisíocaíochta. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí méideanna breise a asbhaint ó iarrataí ar íocaíocht chun an réamh-mhaoiniú a imréiteach níos luaithe. Leagtar amach an sásra

cúitimh in Airteagal 5 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus in Airteagal 6 den Chomhaontú Iasachta.

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar gach réamh-mhaoiniú ó na foinsí cistí uile atá ar fáil (i.e. a dhíorthaítear ó NextGenerationEU, ceantáil lamháltas ón gcóras trádála astaíochtaí (‘CTA’), agus ó aistrithe ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit) a imréiteach go hiomlán faoin 31 Nollaig 2026. De réir na gComhaontuithe Maoiniúcháin, beidh méideanna nach mbeidh imréitithe faoin dáta sin faoi réir aisghabhála. Faoi na Comhaontuithe Iasachta, na méideanna nach n-imréitítear faoin dáta sin beidh siad dlite agus inaisíoctha láithreach, agus féadfaidh an Coimisiún iad a aisghabháil trína bhfritháireamh in aghaidh aon éilimh atá dlite don Bhallstát faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó faoi chlár eile de chuid an Aontais.

Chun an gá sin le haisghabhálacha a mhaolú, moltar do na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí méid iomlán an réamh-mhaoinithe gan íoc a imréiteach, sula gcuirfear isteach an iarraidh dheireanach ar íocaíocht. Le himréiteach luath den sórt sin, simpleofar dúnadh airgeadais na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta do na Ballstáit agus don Choimisiún araon, laghdófar castacht riaracháin ag an gcéim ríthábhachtach dheiridh den chur chun feidhme, agus maolófar na rioscaí a bhaineann le haisghabhálacha nó aisíocaíochtaí luatha a d’fhéadfadh a bheith ann. Ar bhonn níos leithne, rannchuidíonn sé le bainistíocht fhónta airgeadais trí eisíocaíochtaí agus riachtanais mhaoiniúcháin a ailíniú ar bhealach níos dlúithe tráth an dúnta. D’íoslaghdódh sé freisin an tionchar ar bhuiséid náisiúnta, toisc go gcuirfeadh sé deireadh leis an ngá difreálach neamh-imréitithe a aisghabháil tar éis dheireadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

### 4.2. Saoradh deiridh mar gheall ar thearcúsáid ag deireadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

I gcás na ranníocaíochtaí airgeadais agus na n-iasachtaí araon, aon mhéid de ranníocaíocht an Aontais faoi na Comhaontuithe Maoiniúcháin agus Iasachta arna leithdháileadh ar Bhallstát nár úsáideadh, déanfar an méid sin a shaoradh tar éis gach oibleagáid dhlíthiúil agus íocaíochta ábhartha a bheith comhlíonta. Ní gá leasú a dhéanamh ar na Comhaontuithe Maoiniúcháin agus Iasachta mar gheall ar shaoradh den sórt sin. Braitheann próiseas an tsaortha ar cé acu de thrí fhoinse chistiúcháin na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta atá á saoradh.

Go sonrach:

1. I gcás ranníocaíochtaí airgeadais agus iasachtaí NextGenerationEU, saorfaidh an Coimisiún aon mhéid arna leithdháileadh ar Bhallstát sonrach nach n-íoctar faoin 31 Nollaig 2026, faoi réir aon oibleagáid nó nós imeachta atá fágtha a bhféadfadh tionchar airgeadais a bheith aige.

2. I gcás cistí a aistrítear ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, saorfaidh an Coimisiún aon mhéid arna leithdháileadh ar Bhallstát sonrach nach n-íoctar faoin 31 Nollaig 2026, faoi réir aon oibleagáid nó nós imeachta atá fágtha a bhféadfadh tionchar airgeadais a bheith aige.

3. I gcás cistí a chuirtear ar fáil trí cheantáil lamháltais ón gcóras trádála astaíochtaí (‘CTA’), saorfaidh an Coimisiún aon mhéid arna leithdháileadh ar Bhallstát sonrach nach n-íoctar faoin

31 Nollaig 2026, faoi réir aon oibleagáidí nó nósanna imeachta atá fágtha a bhféadfadh tionchar airgeadais a bheith acu.

## 5. OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE

Cé go dtugann Rialachán STA dáta deiridh do chur chun feidhme STA, ní thugann an Rialachán ná an dá rialachán tarmligthe dátaí deiridh do na ceanglais tuairiscithe. Chun an obair riaracháin a bhaineann le bailiú sonraí a íoslaghdú agus an trédhearcacht agus an infhaighteacht sonraí is gá le haghaidh mheastóireacht *ex post* STA á n-áirithiú an tráth céanna, measann an Coimisiún nach ndéanfaidh na Ballstáit tuairisciú tar éis 2026 ach amháin i gcás imthosca an-teoranta, mar a leagtar amach sna ranna seo a leanas.

### 5.1. Tuairisciú débhliantúil deiridh ar chlocha míle agus spriocanna

I gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106 ón gCoimisiún, déanfar an tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát a bhaint amach gach bliain, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán agus an 15 Deireadh Fómhair. Mar sin féin, ós rud é nach mór clocha míle agus spriocanna a bheith curtha i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026 agus nach mór na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach faoin 30 Meán Fómhair 2026, beidh dearcadh an Bhallstáit ag an gCoimisiún cheana féin ar an dul chun cinn atá déanta maidir le baint amach na gcloch míle agus na spriocanna uile sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Dá réir sin, bheadh tuairisciú a dhéanamh an 15 Deireadh Fómhair 2026 iomarcach. Dá bhrí sin, bheadh an babhta tuairiscithe deireanach ann faoin 30 Aibreán 2026.

### 5.2. Tuairisciú débhliantúil deiridh a dhéanamh ar chomhtháscairí

I gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán STA agus le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106 ón gCoimisiún, ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar na comhtháscairí dhá uair sa bhliain, faoin 28 Feabhra agus faoin 31 Lúnasa.

I bhfianaise ábharthacht na gcomhtháscairí mar tháscairí tábhachtacha aschuir agus toraidh, moilleanna ar bhailiú sonraí, agus an gá atá leis na sonraí is fearr atá ar fáil a bhailiú don mheastóireacht *ex post* atá le déanamh faoin 31 Nollaig 2028, ní mór do na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar na comhtháscairí faoi dhó in 2027 agus tuairisciú deiridh a dhéanamh ar chomhtháscairí i mí Feabhra 2028. Mar chuid den bhabhta tuairiscithe deiridh, ní mór do na Ballstáit na luachanna uile a measadh roimhe seo a chomhdhlúthú. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ní mór do na Ballstáit meastachán deiridh agus míniú ar an modheolaíocht a úsáideadh a sholáthar.

### 5.3. Tuairisciú deiridh a dhéanamh ar an 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an méid is airde cistiúcháin

I gcomhréir le hAirteagal 25a de Rialachán STA, ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh dhá uair sa bhliain ar an 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an méid is airde cistiúcháin faoi na pleananna téarnaimh agus athléimneachta. I gcomhréir leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ní mór do na Ballstáit uile na sonraí a fhoilsítear ar a dtairseacha náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta dhá uair sa bhliain ar a laghad agus iarrtar orthu na sonraí cothrom le dáta sin a roinnt leis an gCoimisiún an tráth céanna a dhéantar an tuairisciú débhliantúil i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair.

Mar gheall ar mhoilleanna ar infhaighteacht sonraí agus chun faisnéis a sholáthar maidir le húsáid deiridh cistí, ní mór do na Ballstáit leanúint dá dtairseacha náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta dhá uair sa bhliain agus an nuashonrú débhliantúil deireanach ar shonraí faighteoirí deiridh a sholáthar don Choimisiún i mí Aibreáin 2028.

Mar a cheanglaítear le hAirteagal 25a (4) de Rialachán STA, ní mór do na Ballstáit, thairis sin, na tairseacha náisiúnta a choinneáil ar bun go dtí an 31 Nollaig 2028 ar a laghad, agus a n-oibleagáid á comhlíonadh acu maidir le haon sonraí pearsanta a bhaint den tacar sonraí foilsithe 2 bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar íocadh an cistiú leis na faighteoirí deiridh ábhartha.

### 5.4. Tuairisciú leanúnach a dhéanamh ar chaiteachas a bhaineann leis an aeráid

I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le Bannaí Glasa Next Generation EU 7817/21[18], maoiníonn an Coimisiún cuid d'eisíocaíochtaí STA le bannaí glasa Next Generation EU, a bhfuil creat láidir inchreidte mar bhonn taca leo, lena n-áirítear ceanglas maidir le húsáid fáltas. Dá réir sin, ceanglaítear le hAirteagail 7 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 8 den Chomhaontú Iasachta ar na Ballstáit a bhfuil iarraidh ar íocaíocht STA á cur isteach acu tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas carnach arna thabhú le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí a bhfuil marcóir aeráide dearfach acu, ar caiteachas iad atá mar bhonn le tuairisciú an Choimisiúin ar úsáid fáltas ó bhannaí glasa. D'fhéadfadh sé go leanfaí de chur chun feidhme náisiúnta cuid de na bearta sin tar éis 2026. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar shonraí caiteachais carnacha le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí ag a bhfuil clib aeráide go dtí go gcomhfhreagraíonn na méideanna a thuairiscítear do na costais mheasta le haghaidh an bhirt shonraigh nó an fhobhirt shonraigh ar sannadh comhéifeacht aeráide dhearfach dó, nó go dtí nach bhfuil coinne le haon chaiteachas breise, nó go dtí an 31 Nollaig 2031, cibé acu is túisce a tharlóidh. Ba cheart tuairisciú den sórt sin a dhéanamh dhá uair sa bhliain ar a laghad (faoi dheireadh mhí an Mheithimh agus faoi dheireadh mhí na Nollag). Mura bhfuil aon athrú ann nó má tá caiteachas an bhirt tugtha chun críche agus mura bhfuil coinne le haon chaiteachas breise, ba cheart é sin a chur in iúl freisin. Leanfaidh an Coimisiún d'uirlis tuairiscithe a sholáthar chun na críche sin.

[18]Conclúidí ón gComhairle maidir le Bannaí Glasa Next Generation EU - Formheas (2021), 7817/21.

## 6. RIALÚ, INIÚCHADH agus COINNEÁIL SONRAÍ TAR ÉIS 2026

Leis na Comhaontuithe Maoiniúcháin agus Iasachta a síníodh idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta áirithe a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint[19]. Cuimsíonn na freagrachtaí sin rialuithe *ex ante* agus *ex post* agus obair iniúchóireachta, chomh maith le hoibleagáidí maidir le taifid a choimeád agus tuairisciú a dhéanamh. I gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán STA, féadfaidh na Ballstáit a bheith ag brath ar a ngnáthchórais bainistithe buiséid náisiúnta.

Tá feidhm ag oibleagáid na mBallstát leasanna airgeadais an Aontais a chosaint maidir leis na bearta a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta gan beann ar uainiú aon íocaíocht de chuid an Aontais leis na Ballstáit, agus tar éis 2026 freisin.

Meabhraíonn an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag forálacha Rialachán STA ach amháin maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin atá sna cinntí cur chun feidhme ábhartha ón gComhairle. Meabhraíonn an Coimisiún freisin go bhfuil feidhm ag forálacha Rialachán STA maidir le haon chostas a thabhaítear chun beart sonrach STA atá sna cinntí cur chun feidhme ón gComhairle a chur chun feidhme, agus nach bhfuil an méid a measadh nó a buiséadaíodh ar dtús ábhartha don chinneadh sin.

### 6.1. Rialuithe agus iniúchtaí náisiúnta leanúnacha

Níl dáta deiridh le hoibleagáidí na gComhaontuithe Maoiniúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, na gComhaontuithe Iasachta a síníodh idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Maidir le rialuithe agus iniúchtaí náisiúnta tar éis 2026, cuireann an Coimisiún na hoibleagáidí seo a leanas i dtábhacht go háirithe:

Ní mór do na Ballstáit, i gcomhréir le Príomhcheanglais 3 agus 4 de na Comhaontuithe Maoiniúcháin agus Iasachta, **bearta agus nósanna imeachta iomchuí a áirithiú chun comhlíonadh na gcloch míle agus spriocanna**, agus cruinneas na faisnéise tuairiscithe a áirithiú, lena n-áirítear rialuithe agus iniúchtaí *ex ante* agus *ex post* araon. Cé nach mór gach rialú *ex-ante* a dhéanamh sula gcuirfear an iarraidh ar íocaíocht isteach, a mhéid nach mbeidh obair *ex-post* ar chomhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna tugtha chun críche tríd an iarraidh ar íocaíocht a chur isteach, moltar do na Ballstáit í a chur i gcrích faoi thráth na híocaíochta deiridh agus, ar a dhéanaí, faoi R1 2027. Moltar do na Ballstáit na torthaí sin a roinnt leis an gCoimisiún a luaithe a bheidh siad ar fáil.

Ní mór do na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán STA[20] agus le Príomhcheanglais 1 agus 2, **rialuithe *ex ante* éifeachtacha éifeachtúla a áirithiú chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.** Cuimsíonn rialuithe *ex ante* den sórt sin rialuithe

[19]Airteagal 11(1) den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 20(1) den Chomhaontú Iasachta.
[20]Sonraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán STA an méid seo a leanas: *'Agus an tSaoráid á cur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit, mar thairbhithe nó mar iasachtóirí na gcistí faoin tSaoráid, na bearta uile is gá a dhéanamh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme á chomhlíonadh agus na cistí i ndáil le bearta a fhaigheann tacaíocht faoin tSaoráid á n-úsáid, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.'*

sula ndéanann na Ballstáit aon íocaíocht a bhaineann le bearta STA (i.e. íocaíochtaí le conraitheoirí, faighteoirí deiridh, etc.). Leanann an oibleagáid leanúint de na rialuithe *ex ante* sin go dtí go mbeidh na híocaíochtaí sin go léir déanta ag an mBallstát, fiú má dhéantar na híocaíochtaí sin tar éis 2026. I gcásanna sonracha i dtaobh ionstraimí airgeadais, scéimeanna fóirdheontais agus insteallta cothromais, nithe a bhfuil comhaontuithe dlíthiúla sínithe ag na Ballstáit ina leith i gcomhréir leis na ceanglais sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-áirítear forálacha maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, meastar go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na bearta sin chun feidhme i gcomhréir leis na comhaontuithe dlíthiúla ábhartha sin agus le haon oibleagáid rialaithe agus iniúchóireachta atá iontu.

Sa bhreis ar rialuithe *ex ante*, ní mór do na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Rialachán STA agus le Príomhcheanglais 1, 2 agus 5, leanúint de **rialuithe *ex post* agus iniúchtaí leordhóthanacha neamhspleácha a dhéanamh, chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú.** Cuimsíonn rialuithe agus iniúchtaí *ex post* den sórt sin rialuithe agus iniúchtaí a dhéantar tar éis don Bhallstát aon íocaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le bearta STA agus baineann siad go háirithe le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa, chomh maith le cistiú dúbailte, a chosc, a bhrath agus a cheartú. Ní mór do na Ballstáit rialuithe agus iniúchtaí *ex post* den sórt sin a dhéanamh go dtí go gcomhlíonfar a n-oibleagáidí. Tá na Ballstáit ceaptha rialuithe agus iniúchtaí *ex post* chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a chur i bpleanáil na n-údarás náisiúnta ábhartha go dtí go mbeidh na híocaíochtaí uile a bhaineann le bearta STA arna ndéanamh ag na Ballstáit déanta agus go mbeidh siad faoi réir na rialuithe agus na n-iniúchtaí sin, ar bhonn riosca go ginearálta. Ba cheart rialuithe agus iniúchtaí rioscabhunaithe a dhíriú ar thopaicí ardriosca sonracha (i.e. coinbhleacht leasa, calaois, éilliú, cistiú dúbailte) nó ar chásanna ardriosca sonracha. Meastar de ghnáth go mbeidh rialuithe agus iniúchtaí *ex post* beartaithe in 2027 mar thoradh air sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ann in 2028.

Sa bhreis ar an obair atá beartaithe maidir le rialuithe agus iniúchtaí *ex post*, ní mór do na Ballstáit leanúint de bheith frithghníomhach i leith tuarascálacha ar neamhrialtachtaí, go háirithe neamhrialtachtaí a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa, agus leanúint d'imscrúdú a dhéanamh ar chásanna den sórt sin a bhaineann le bearta STA tráth ar bith amach anseo.

Ní mór do na Ballstáit, i gcomhréir le Príomhcheanglas 2, leanúint de ghníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh chun cistí a míleithreasaíodh a aisghabháil.

Mar a tugadh faoi deara i roinn 3.5, níl coinne le haon dearbhú bainistíochta ná achoimre ar iniúchtaí tar éis don iarratas deiridh ar íocaíocht a bheith curtha isteach. Mar sin féin, iarrtar ar na Ballstáit torthaí a rialuithe agus a n-iniúchtaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin a luaithe a bheidh siad ar fáil tríd an ardán 'EUSEND'[21], mura gcuirfidh an Coimisiún a mhalairt in iúl. Féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí a dhéanamh chun a sheiceáil go leanann na Ballstáit de na hoibleagáidí thuas a chomhlíonadh.

[21]Is ardán malartaithe gréasánbhunaithe é EU SEND a chinntíonn tarchur slán doiciméad idir an Coimisiún agus páirtithe leasmhara seachtracha.

Measann an Coimisiún go bhfuil gach córas rialaithe náisiúnta leordhóthanach i gcomhréir le hAirteagal 19(3)(j) de Rialachán RRF. Cé nach bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit na struchtúir bheachta arna measúnú ag an gCoimisiún agus arna n-úsáid le linn chur chun feidhme STA ó 2021 go 2026 a choinneáil ar bun tar éis 2026, ní mór do na Ballstáit leordhóthanacht na struchtúr atá i bhfeidhm dá gceanglais agus dá bhfeidhmeanna féin a áirithiú. Is faoi na Ballstáit atá sé an cinneadh a dhéanamh maidir leis na struchtúir atá le coinneáil i bhfeidhm tar éis 2026, agus déine na rialuithe atá le déanamh agus breithnithe costéifeachtúlachta á gcur san áireamh, mar shampla. Tá na Ballstáit ceaptha an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon athrú ar an bpointe teagmhála aonair, i gcomhréir le hAirteagal 14 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus le Príomhcheanglas 1. Tá coinne leis go gcomhordóidh an pointe teagmhála aonair sin an fhreagairt ar aon iarraidh ón gCoimisiún, ó OIPE, ó OLAF, ó CIE nó ó chomhlachtaí ábhartha eile agus an obair leantach a dhéanfar ina leith.

### 6.2. Faisnéis a Choinneáil agus a Rochtain

Le roinnt forálacha ceanglaítear ar na Ballstáit rochtain ar shonraí a bhaineann le bearta STA a choinneáil agus a áirithiú, sonraí a leanann de bheith ábhartha tar éis an 31 Nollaig 2026. Go sonrach:

- Le hAirteagal 11(1(c) den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 20(1)(c) den Chomhaontú Iasachta, ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí maidir le faighteoirí deiridh, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla a bhailiú agus rochtain orthu a áirithiú.
- Le hAirteagal 11(1)(d) den Chomhaontú Maoiniúcháin agus le hAirteagal 20(1)(d) den Chomhaontú Iasachta, ceanglaítear ar na Ballstáit taifid a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 133 den Rialachán Airgeadais[22].
- Le hAirteagal 12(2) den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 21(2) den Chomhaontú Iasachta, forchuirtear ceanglais bhreise maidir le doiciméid tacaíochta leordhóthanacha a choinneáil agus a sholáthar lena gcruthaítear gur cuireadh an plean téarnaimh agus athléimneachta chun feidhme i gceart, go gcomhlíonann a chur chun feidhme na hoibleagáidí a liostaítear sa Chomhaontú Maoiniúcháin agus sa Chomhaontú Iasachta agus gur comhlíonadh go sásúil na clocha míle agus na spriocanna a shonraítear sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle.

De réir Airteagal 133 den Rialachán Airgeadais (athmhúnlú), agus Airteagail 12 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus 21 den Chomhaontú Iasachta, ba cheart na sonraí a choinneáil ar feadh 5 bliana ó dháta na híocaíochta deiridh. Chun foráil a dhéanamh maidir le cur chuige comhsheasmhach, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit uile coinneáil agus infhaighteacht sonraí a áirithiú go dtí an 31 Nollaig 2031 ar a laghad. Thairis sin, de réir Airteagal 133 (2) den Rialachán Airgeadais, coinneofar na sonraí, na taifid agus na doiciméid sin a bhaineann le hiniúchtaí, achomhairc, dlíthíocht, saothrú éileamh a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla nó a

[22]Airteagal 133 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) IO L, 26.9.2024, lch. 1; a chuirtear in ionad Airteagal 132 den leagan roimhe seo den Rialachán Airgeadais.

bhaineann le himscrúduithe OLAF go dtí go ndúnfar na hiniúchtaí, na hachomhairc, an dlíthíocht, saothrú na n-éileamh nó na himscrúduithe sin. Arna iarraidh sin i gcomhthéacs iniúchtaí, seiceálacha nó imscrúduithe, ba cheart na sonraí sin a sholáthar don Choimisiún, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (‘OLAF’) do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (‘CIE’) agus d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’).

### 6.3. Rialuithe, iniúchtaí agus imscrúduithe leanúnacha an Aontais

Faoi théarmaí na gComhaontuithe Maoiniúcháin agus na gComhaontuithe Iasachta[23], leanfaidh an Coimisiún dá chearta a fheidhmiú chun fíoruithe, athbhreithnithe, seiceálacha agus iniúchtaí a dhéanamh i gcás na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme suas le 5 bliana tar éis na híocaíochta deiridh.

Baineann na gníomhaíochtaí rialaithe sin leis an bhfaisnéis agus leis an údar a tugadh maidir le comhlíonadh sásúil na gcloch míle agus na spriocanna; le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear Airteagal 11 den Chomhaontú Maoiniúcháin a chur i bhfeidhm; agus le cur i bhfeidhm Airteagal 4(2) den Chomhaontú Maoiniúcháin a bhaineann le cistiú dúbailte. Thairis sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 12(3) den Chomhaontú Maoiniúcháin agus in Airteagal 21(3) den Chomhaontú Iasachta, féadfaidh OLAF, OIPE agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a gcearta féin a fheidhmiú.

I dteannta an cheanglais maidir le rochtain ar shonraí, taifid agus doiciméid a choinneáil ar bun agus a sholáthar (roinn 6.1), tá sé d’oibleagáid ar na Ballstáit comhoibriú leis na fíoruithe, na hathbhreithnithe, na seiceálacha, na hiniúchtaí agus na himscrúduithe thuasluaite. Dá réir sin, tabharfaidh na Ballstáit rochtain d’oifigigh an Choimisiúin, OLAF, CIE agus, i gcás inarb infheidhme, OIPE, ar láithreáin agus áitribh ina ndearnadh infheistíochtaí agus athchóirithe arna maoiniú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus forchuirfidh siad oibleagáidí comhchosúla ar fhaighteoirí deiridh uile na gcistí arna n-eisíoc. Iarrtar ar na Ballstáit an pointe teagmhála aonair a ainmniú (féach 6.1) nó pointe teagmhála tiomnaithe eile chun freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin nó chun teagmháil a éascú i gcomhthéacs na bhfíoruithe, na n-athbhreithnithe, na seiceálacha, na n-iniúchtaí agus na n-imscrúduithe thuasluaite tar éis 2026.

Leanfaidh an Coimisiún d’fhaireachán a dhéanamh ar a mholtaí iniúchóireachta arna n-eisiúint tar éis an 31 Nollaig 2026, chomh maith leis na moltaí iniúchóireachta arna n-eisiúint roimh an dáta sin ach atá fós oscailte. Leanfaidh an Coimisiún dá cheart a fheidhmiú cistí a athghabháil sna cásanna a leagtar amach sa chreat le haghaidh ‘Laghduithe agus Aisghabhálacha cistí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta’[24]. I gcás inarb ábhartha, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear moltaí airgeadais OLAF chun feidhme go héifeachtach.

[23]Airteagal 12 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 21 den Chomhaontú Iasachta.
[24]Fógra C/2024/4990 ón gCoimisiún - Treoraíocht maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta, Iarscríbhinn IV.

## 6.4. Nósanna imeachta leanúnacha maidir le neamhrialtachtaí (amhrasta) a thuairisciú

Cé nach mór do na Ballstáit neamhrialtachtaí (amhrasta) a thuairisciú don Choimisiún faoi láthair agus é sin a dhéanamh trí na dearbhuithe bainistíochta agus na hachoimrí ar iniúchtaí a ghabhann leis na hiarrataí ar íocaíocht, tar éis na hiarrata deiridh ar íocaíocht ní chuirfear aon dearbhú bainistíochta isteach. Dá bhrí sin, agus chun a áirithiú go leanfar de neamhrialtachtaí (amhrasta) a thuairisciú tar éis an t-iarratas deiridh ar íocaíocht a bheith déanta, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí a úsáid chun na críche sin. Ina theannta sin, iarrtar ar na Ballstáit aon chás den sórt sin a thuairisciú do AS ECFIN tríd an ardán 'EU Send'[25].

Thairis sin, i gcomhréir le forálacha Rialachán 883/2013 OLAF[26], tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit nósanna imeachta iomchuí a choinneáil ar bun chun a áirithiú go ndéanfar cásanna féideartha calaoise, éillithe nó aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a thuairisciú do OLAF, chun críoch imscrúdaithe[27]. Tar éis an dearbhú bainistíochta deireanach agus achoimre ar iniúchtaí a chur isteach, ní mór, dá bhrí sin, cásanna den sórt sin a thuairisciú fós do OLAF gan aon mhoill ná teorainn ama. Go deimhin, i bhfianaise Airteagal 325 CFAE agus de bhun Airteagal 8(3) de Rialachán OLAF, tá sé de dhualgas ar na Ballstáit, mura gcuirtear cosc orthu leis an dlí náisiúnta, aon fhaisnéis, doiciméid nó sonraí a mheastar a bheith ábhartha maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe nó aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a tharchur gan mhoill chuig OLAF, arna iarraidh sin don Oifig nó ar a dtionscnamh féin.

Ina theannta sin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe do OIPE iompar coiriúil amhrasta a thuairisciú do OIPE i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE)2017/1939 ón gComhairle[28]. Ba cheart aon iompar a d'fhéadfadh a bheith ina chion faoi inniúlacht OIPE a thuairisciú trí ardán tiomnaithe TF OIPE.

Ní mór do na Ballstáit faisnéis a sholáthar maidir le fíorais agus torthaí a suíodh i gcomhthéacs breithiúnas deiridh nó cinntí riaracháin deiridh faoi threoir na bhforas a leagtar amach in Airteagal 138(1), pointe (c)(iv) agus pointe (d), den Rialachán Airgeadais nuair a fhaigheann siad amach faoin bhfaisnéis sin, i gcomhréir le hAirteagal 36(8) den Rialachán Airgeadais. Molann an Coimisiún do na Ballstáit an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí ('IMS') a úsáid chun na críche sin.

---

[25] Cruthóidh AS ECFIN cainéal tiomnaithe do gach Ballstát chun an t-ardán seo a úsáid chun cásanna calaoise amhrasta a thuairisciú.

[26] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle.

[27] Ba cheart tuarascálacha chun críocha imscrúdaithe a sheoladh chuig pointe teagmhála aonair OLAF trí ríomhphost (OLAF-FMB-SPE@ec.europa.eu).

[28] Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE').